OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

| Cód | QA090 |
|---|---|
| Teideal | **Treoir maidir le Leithdháileadh Ualaigh Oibre Acadúil** |
| Úinéir an Pholasaí | An tUachtarán Ionaid & Meabhránaí |
| Dáta | 19 Meitheamh 2023 |
| Faofa ag | An Chomhairle Acadúil |

## 1. Cuspóir

Is é an cuspóir atá le Múnla Leithdháilte Ualaigh Oibre acadúil ná cinntiú go ndéantar obair a leithdháileadh ar bhonn cothrom agus réasúnta.
Ní mór do Mhúnla Leithdháilte Ualaigh Oibre acadúil na nithe seo a leanas a chinntiú freisin:

i. Faigheann an leithdháileadh oibre bonn faisnéise ó bhaint amach tosaíochtaí an chomhalta foirne, na scoile, an choláiste agus na hinstitiúide, agus tacaíonn leo.

ii. Sanntar gníomhaíochtaí ar chomhaltaí foirne ar bhonn cothrom, rud a thacaíonn le sláinte agus folláine na foirne.

iii. Tá an próiseas leithdháilte trédhearcach, tá deis ag comhaltaí foirne cur le cinntí maidir le leithdháileadh ualaigh oibre agus cuirtear an toradh in iúl don fhoireann go soiléir.

iv. Faigheann pleanáil foirne bonn faisnéise ó leithdháileadh ualaigh oibre agus cinntíonn sí go ndéantar éascaíocht do thaighde, scoláireacht, teagasc agus saoránacht san Ollscoil trí chéile.

## 2. Scóip

Baineann na treoirlínte le gach comhalta foirne acadúil. Ba chóir go mbeadh múnla singil amháin ag an leibhéal cuí bainistíochta, go hiondúil ag leibhéal na Scoile. Tá an Ceann Scoile freagrach as leithdháileadh ualaigh oibre a fhorbairt atá ag teacht leis an treoir seo agus le tosaíochtaí na Scoile. Féadfaidh an Ceann Scoile duine nó daoine a ainmniú chun freagracht a ghlacadh as leithdháileadh ualaigh oibre, faoi réir ag maoirseacht an Chinn Scoile.

## 3. Prionsabail

Seo a leanas na prionsabail atá taobh thiar den chur chuige maidir le leithdháileadh ualaigh oibre san Ollscoil trí chéile. Fágann siad go ndéanfar an leithdháileadh ar bhonn comhsheasmhach ach ag an am céanna ligeann siad do Scoileanna a bheith solúbtha le go mbeidh siad in ann déileáil le difríochtaí atá sonrach do Scoileanna.

i. Tá an cur chuige maidir le leithdháileadh ualaigh oibre, lena n-áirítear na cinntí féin agus an plé a dhéantar chun teacht ar na cinntí sin, faoi réir ag ár gcroíluachanna mar atá **meas, barr feabhais, oscailteacht** agus **inbhuanaitheacht**.

ii. An aidhm atá ag leithdháileadh ualaigh oibre comhionannas deiseanna a chur chun cinn don fhoireann acadúil ar fad trí chomhoibriú idir comhghleacaithe i dtimpeallacht choláisteach.

iii. Déanfar an t-ualach oibre a leithdháileadh agus a dháileadh go cothrom agus go trédhearcach ar chomhaltaí foirne acadúla.

iv. Beidh próiseas trédhearcach ann chun an fhoireann a chur an eolas faoin obair atá leithdháilte orthu go pearsanta, agus beidh deis acu an leithdháileadh sin a phlé.

v. Beidh an méid oibre a leithdháiltear ar chomhalta foirne thar thréimhse 3 go 5 bliana mar a chéile, a bheag nó a mhór, i gcomparáid le piaraí, agus ní bheidh aon difear suntasach sna méideanna sin, ná ní mhairfidh an difear sin i bhfad. D'fhéadfadh coigeartú cuí a bheith ag teastáil i ngeall ar chúinsí pearsanta, arna nochtadh don Cheann Scoile agus don rannóg Acmhainní Daonna, agus arna ndoiciméadú acu. Beidh an leithdháileadh ualaigh oibre ag teacht le hionchais réasúnacha maidir le cothromaíocht oibre-saoil agus prionsabail an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe (EDI), agus cuirfear san áireamh cúinsí pearsanta a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an ualach oibre, cosúil le:

- saoire chosanta amhail saoire mháithreachais, saoire uchtaíoch, saoire do thuismitheoirí, saoire atruach, saoire force majeure, agus saoire cúramóra, nó saoire teaghlaigh eile;
- obair pháirtaimseartha;
- cóiríocht réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas;
- tréimhsí saoire a bhaineann le drochshláinte nó míchumas;
- tréimhsí neamhláithreachta a eascraíonn as aistriú inscne;
- sosanna gairme;
- saoire shabóideach.

Tabharfaidh cruinnithe idir an fostaí agus an Ceann Scoile nó a (h)ainmní deis plé a dhéanamh ar aon solúbthacht agus/nó breithnithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun leithdháileadh cothrom oibre a bhaint amach agus chun timpeallacht shláintiúil oibre a éascú. vi. Cuirfear liúntais inchomparáide ar fáil do thascanna den chineál céanna san Ollscoil trí chéile faoi na teidil taighde & scoláireacht, teagasc & foghlaim agus cion oibre & saoránacht; tabharfar aitheantas ag an am céanna do na héilimh éagsúla a bhaineann le róil ar leith sna Coláistí agus laistigh de Scoileanna.

vii. Fágfaidh leithdháileadh ualaigh oibre go mbeifear in ann amharc físiúil a fháil ar ghníomhaíocht uile an chomhalta foirne faoi theagasc & foghlaim, taighde & scoláireacht agus cion oibre & saoránacht, agus iad a dháileadh go cuí thar thréimhse ama.

viii. Ní mór do gach comhalta foirne acadúil cion suntasach a dhéanamh faoi theagasc & foghlaim, agus taighde & scoláireacht, chomh maith le dualgais eile, agus iad ag comhlíonadh ar an gcaoi sin bhunghnéithe na coláisteachta mar acadóirí san Ollscoil.

ix. Glacfar le cur chuige praiticiúil agus réalaíoch i leith an phróisis leithdháilte ualaigh oibre, agus tabharfar aitheantas faoin gcur chuige sin do na deacrachtaí a bhaineann le taifead a choinneáil ar am oibre na foirne.

x. Níor cheart go dteastódh iarracht dhíréireach chun an próiseas a oibriú.

xi. Má thagann aon athrú ar an méid iarrachta atá i gceist le comhlíonadh dualgas, ba cheart an cur chuige a athbhreithniú gach bliain chun aitheantas a thabhairt do na hathruithe sin, chomh maith le haon neamhéifeachtúlacht inár mbealaí oibre a aithint, agus deireadh a chur léi.

xii. Déanfar ualaigh oibre a leithdháileadh ar bhealach solúbtha, rud a chuirfidh ar chumas na hOllscoile freagairt d'fhachtóirí inmheánacha agus seachtracha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ualaí oibre in aon seimeastar nó bliain acadúil ar leith.

xiii. Déanfar ualaí oibre a leithdháileadh ar bhealach atá cuí don ról agus cuirfear san áireamh riachtanais na Scoile chomh maith le tosaíochtaí agus spriocanna forbartha an duine féin.

## 4. Gníomhaíochtaí

Ba chóir go gcuimseodh múnlaí leithdháilte ualaigh oibre na príomhréimsí ghníomhaíochtaí acadúla seo a leanas arna sainmhíniú sna Próifílí Acadúla: Taighde & Scoláireacht; Teagasc & Foghlaim; Cion Oibre & Saoránacht. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí i ngach ceann de na réimsí seo ar fáil sa chuid sin den láithreán gréasáin a dhéileálann le hArduithe Céime Acadúla.

## 5. Leithdháileadh Ama

i. Institiúideach

Tá raon ról atá inchomparáide san institiúid trí chéile. Maidir leis an raon leithdháilte ama do chomhaltaí foirne sna róil sin, moltar cion ar leith ag leibhéal na hinstitiúide agus liostaítear in Aguisín 1 iad.

ii. Coláistí

Ba chóir go n-aontódh Boird Feidhmiúcháin na gColáistí an leithdháileadh ama do ghníomhaíochtaí atá coitianta ar fud an Choláiste de réir mar is gá, mar shampla am ullmhúcháin teagaisc agus an teagasc féin, gníomhaíochtaí measúnaithe, forbairt curaclaim etc., agus líon na mac léinn a bheith curtha san áireamh. Féadfaidh Bord Feidhmiúcháin na Scoile coigeartuithe sonracha breise a dhéanamh, faoi réir fhaomhadh an Choláiste.

## 6. Tionchar Éigeandálaí nó Cúinsí Neamhghnácha

Cuirfidh Leithdháileadh Ualaigh Oibre Acadúil san áireamh athruithe a dhéantar ar phatrúin oibre mar fhreagra ar éigeandálaí nó cúinsí neamhghnácha (cosúil le paindéim COVID-19) agus éileoidh sé ar bhainisteoirí an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéidí de chúinsí a mheas, go háirithe orthu siúd a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu, chomh maith le haitheantas a thabhairt d'aon iarracht speisialta a dhéanann comhaltaí foirne chun dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn astu.

## 7. Treoirlínte Oibriúcháin (le héifeacht ó Mheán Fómhair 2023)

i. Nuair a dhéantar bainistiú ar leithdháiltí ualaigh oibre, is féidir na sonraí a bhailítear a úsáid chun cabhrú leis an bpróiseas cinnteoireachta nuair atáthar i mbun pleanála foirne. Áirítear leis an bhfaisnéis sin tuiscint ar riachtanais foirne i láthair na huaire agus riachtanais foirne sa todhchaí, aon bhearna foirne reatha a aithint nó bearna idir riachtanais reatha agus na riachtanais a bheidh ann sa todhchaí, neamhéifeachtúlachtaí a aithint agus táirgiúlacht agus cáilíocht a fheabhsú. Moltar múnlaí leithdháilte ualaigh oibre a fhorbairt chun tacú leis na haidhmeanna sin féachaint le cabhrú leis an bpróiseas pleanála don chéad Bhliain Acadúil eile agus ina dhiaidh sin.

ii. Aithníonn an Ollscoil nach bhfuil uaireanta oibre sainithe ag comhaltaí foirne acadúla agus gur socrú solúbtha é seo a théann chun tairbhe na gcomhaltaí foirne féin, na mac léinn agus na hOllscoile trí chéile.

iii. Chun críocha leithdháileadh ualaigh oibre, ba chóir múnla bunaithe ar 'uair an chloig bharúlach' a úsáid agus 1635 uair an chloig (221 lá oibre x 7.4 uair in aghaidh an lae) mar bhunfhigiúr do thaighde & scoláireacht, teagasc & foghlaim agus cion oibre & saoránacht, arb ionann na huaireanta sin agus uaireanta iomlána comhalta foirne lánaimseartha. Déanfar líon iomlán na n-uaireanta a choigeartú dóibh siúd ar chonarthaí páirtaimseartha nó a bhfuil conarthaí Ollscoile acu atá níos lú ná lánaimseartha. Ba cheart do leithdháiltí ualaigh oibre dóthain uaireanta solúbtha a chur san áireamh le gur féidir freastal ar dhualgais neamhphleanáilte.

iv. Seo a leanas toimhde ginearálta oibre maidir le leithdháileadh ama comhréireach:

| **Cineál Acadóra** | **Taighde & Scoláireacht** | **Teagasc & Foghlaim** | **Cion Oibre agus Saoránacht** |
|---|---|---|---|
| A | 20 % | 60 % | 20 % |
| B | 40 % | 40 % | 20 % |

Tá na leithdháiltí ginearálta seo le cur in oiriúint do riachtanais na Scoile agus an chomhalta foirne aonair.

v. Moltar ualach teagaisc agus cion oibre laghdaithe a bheith acu siúd atá nuacheaptha sa chéad agus sa dara bliain dá bhfostaíocht. Mar seo a leanas an t-ualach teagaisc agus cion oibre a mbeifí ag súil leis:

- Cineál A: sa chéad bhliain idir 60 agus 70% de norm Scoile Chineál A agus sa dara bliain idir 80 agus 90% de norm Scoile Chineál A.
- Cineál B: sa chéad bhliain idir 50 agus 60% de norm Scoile Chineál B agus sa dara bliain idir 75 agus 85% de norm Scoile Chineál B.

vi. Ba cheart an leithdháileadh ualaigh oibre a dhéanamh ar bhonn bliantúil, agus tús a chur leis an bpleanáil go luath san earrach gach bliain agus bhailchríoch a bheith curtha ar na leithdháiltí faoi thús an tsamhraidh. Ba cheart spreagadh a thabhairt do chomhaltaí foirne a mianta maidir le hualaigh oibre a phlé ag tús an timthrialla pleanála, agus ba cheart go mbeadh an leithdháileadh ualaigh oibre ailínithe le tosaíochtaí agus le spriocanna forbartha. Ba chóir am a leithdháileadh le haghaidh forbairt ghairmiúil atá oiriúnach don ról.

vii. Ní mór iarratais ar dheontais, a n-áirítear leo líne buiséid atá tiomnaithe do chostais foirne acadúla ar féidir iad a úsáid le haghaidh clúdach teagaisc, a chomhaontú roimh ré leis an gCeann Scoile nó lena (h)ainmní. Déanfaidh an Ceann Scoile nó a (h)ainmní breithniú ar an iarratas i gcomhthéacs an chomhalta foirne, an tionscadal taighde, riachtanais/tosaíochtaí na Scoile mar aon lena inmharthana atá sé daoine a earcú chun clúdach a sholáthar. I gcás deontas eile nach mór don Phríomhthaighdeoir/Comhthaighdeoir am suntasach a chaitheamh leo, seans gur mian le comhaltaí foirne iarratas a dhéanamh go maithfí roinnt teagaisc dóibh, go háirithe nuair a fhágann na sciartha móra ama a d’fhéadfadh an Príomhthaighdeoir/Comhthaighdeoir caitheamh leo go sáraítear an 40% ama a leithdháiltear go hiondúil le haghaidh taighde. Ba chóir do Choláiste glacadh le cur chuige comhaontaithe faoina ndéanfaí cothromú idir uasmhéadú ioncaim agus riachtanais

teagaisc, agus ba chóir don Cheann Scoile nó a (h)ainmní a chinntiú go mbeidh aon mhaitheamh teagaisc i gcomhréir go cruinn leis an am a chaitear ar an deontas.

viii. Agus am á leithdháileadh don teagasc, ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh: líon mac léinn sna ranganna, leibhéal, modhanna múinte (e.g., léacht, seisiún praiticiúil, rang teagaisc, rang saotharlainne, maoirseacht tionscadail, ar líne), agus modhanna measúnaithe lena n-áirítear marcáil, modhnóireacht agus aiseolas. Ba chóir breithniú a dhéanamh freisin ar cé acu an modúl nua é an modúl, an bhfuil duine ag teagasc in ábhar nach bhfuil déanta acu roimhe seo*, an bhfuil athruithe suntasacha ar chur chuige seachadta an mhodúil nó ar ábhar an mhodúil, agus ar riachtanais comhlachtaí creidiúnaithe agus gairmiúla, más infheidhme.

* Sa chás go bhfuil ualach teagaisc laghdaithe ag duine nuacheaptha, níor cheart go ndéanfaí aon bhreithniú, maidir le leithdháileadh ama, ar an duine a bheith ag teagasc in ábhar nár theagasc sé nó sí roimhe sin.

ix. Ba cheart leithdháileadh barúlach uaireanta a shannadh do fhreagrachtaí agus cúraimí atá le cur i gcrích ar bhonn bliantúil, agus a aithint go bhfuil go leor gníomhaíochtaí ann a d’fhéadfadh a bheith le cur i gcrích i rith thréimhse bheag ama i rith na bliana.

x. Ba cheart príomhróil cheannaireachta a athrú ar a seal agus, sa chás go mbíonn comhalta foirne freagrach as roinnt ról, ba cheart go bhfaigheadh siad an t-aitheantas cuí, féach Aguisín 2.

xi. Sa chás go bhfuil comhalta foirne den tuairim go bhfuil a (h)ualach oibre míréasúnta, nó go bhfuiltear ag déileáil go héagórach leis nó léi maidir lena leithdháileadh ualaigh oibre, ba cheart don duine sin an t-ábhar imní atá aige nó aici a chur in iúl dá C(h)eann Scoile nó a (h)ainmní. Mura dtugtar aghaidh ar na hábhair imní trí phlé le hainmní an Chinn Scoile, cuirfear an cheist faoi bhráid an Chinn Scoile féin. Mura dtugtar aghaidh ar na hábhair imní trí phlé leis an gCeann Scoile, cuirfear an cheist ar aghaidh chuig Déan an Choláiste.

xii. Féadfaidh Ceann Scoile nó a (h)ainmní a bheith solúbtha i gcás saoire neamhláithreachta nó scor conartha laistigh den mhúnla leithdháilte ualaigh oibre.

## 8. <u>Athbhreithniú</u>

Moltar go ndéanfadh Scoileanna agus Coláistí athbhreithniú bliantúil ar chleachtais leithdháilte ualaigh oibre agus go mbeidh an cur chuige i leith athbhreithnithe comhaontaithe roimh ré agus curtha in iúl don fhoireann.

Déanfaidh an rannóg Acmhainní Daonna iniúchadh bliantúil ar shampla Scoileanna agus cuirfidh sí tuairisc faoi bhráid Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile (UMT) chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le prionsabail na hinstitiúide agus go gcinntítear go bhfuiltear cothrom agus comhsheasmhach.

**Aguisín 1**

## Róil Institiúide

Is ionann an leithdháileadh a thugtar thíos agus raon, agus aithnítear go mbeidh an méid ama a bheidh i gceist chun an ról a chomhlíonadh ag brath ar roinnt athróg, cosúil le méid an Choláiste/na Scoile/na hInstitiúide nó Ionaid Taighde, struchtúr ceannaireachta reatha na Scoile, cibé an bhfuil níos mó ná sealbhóir poist amháin ann, éagsúlacht an ualaigh oibre ó bhliain go bliain etc.

| Ról | Raon leithdháilte ama i gcomhréir le hualaigh oibre |
|---|---|
| Ceann Scoile | 70 – 80% |
| Déan Feidhmiúcháin Coláiste | 80 – 90% |
| Stiúrthóir Institiúide Taighde | 60 – 80% |
| Stiúrthóir Ionad Taighde SFI | 60 – 80% |
| Ceannasaí Scoile Athena SWAN | 5 – 20% |
| Leas-Déin Coláiste | 20 – 60% |

**Aguisín 2**

### Róil agus gníomhaíochtaí samplacha Ceannaireachta & Bainistíochta

Níl an liosta seo uileghabhálach. Sa chás go nglacann comhghleacaithe le ról ceannaireachta nó le gníomhaíocht mar chomhchuid de leithdháileadh róil institiúidigh, níor cheart aon leithdháileadh eile a dhéanamh laistigh den mhúnla. Seans go mbeidh ar chomhghleacaithe roinnt róil a chomhlíonadh, agus d'fhéadfadh sé nach mbeidh leithdháileadh ar leith ag cuid de na róil sin laistigh den mhúnla mar gheall ar a raon feidhme. Tá sé tábhachtach mar sin go n-aithnítear iarracht charnach an chion oibre ar fad.

- Leas-Cheann Scoile
- Ceann Disciplín nó Rannóige
- Ball de Choiste Feidhmiúcháin Coláiste nó Scoile
- Cathaoirleach Coiste Coláiste nó Scoile
- Stiúrthóir Institiúide Taighde
- Stiúrthóir Cláir
- Oifigeach Sláine Acadúil
- Ball d'Údarás na hOllscoile
- Ball den Chomhairle Acadúil
- Cathaoirleach Coiste Ollscoile
- Ball d'Fhoireann Féinmheasúnaithe Institiúideach Athena Swan
- Cathaoirleach Ghrúpa Oibre Ollscoile
- Cathaoirleach Fhoireann Féinmheasúnaithe Scoile Athena Swan
- Ról suntasach ceannaireachta i gClub, Cumann nó Líonra Foirne Ollscoile (e.g., Líonra na mBan, Líonra Foirne LADT+, Líonra Foirne Idirnáisiúnta etc.)
- Oifigeach Sláine Taighde
- Cathaoirleach coiste comhpháirtí seachtrach ~~ballraíocht~~
- Ceannasaí Bliana
- Ceannasaí Gairmiúil
- Scrúdaitheoir Seachtrach (teagasc)
- Scrúdaitheoir Seachtrach (taighde)
- Eagarthóir nó Comheagarthóir iris mhór idirnáisiúnta (faoi réir teorainneacha)
- Eagarthóir Eagrán Speisialta d'iris mhór idirnáisiúnta (faoi réir teorainneacha)
- Cathaoirleach Comhdhála, Cathaoirleach Eagrúcháin, Cathaoirleach Cláir nó ról mór eile le comhdháil náisiúnta nó idirnáisiúnta (faoi réir teorainneacha)
- Ról mór i gcumann nó comhlacht seachtrach acadúil nó gairmiúil a bhfuil nasc soiléir aige le hobair laistigh den ollscoil (faoi réir teorainneacha)
- Cathaoirleach Athbhreithniú Feabhais inmheánach (painéal measúnóirí)

- Cathaoirleach Athbhreithniú Feabhais inmheánach (foireann féinmheasúnaithe)
- Cathaoirleach Coiste Athbhreithnithe Institiúide
- Oifigeach Sábháilteachta Aonaid